

SLAINTÍ

Seo í do shláinte ó shál go hioscaid
Agus ólfamuid é seo in áit an uisge
Agus nár fhágamuid seo go mbeidhimid ar meisge

Slainte na h-Éireann agus Condae Mhuigheo
S an té nach maith leis go maith sinn
Ná raibh sé i bhfad beo.

Leigheadh an Chompás
M'athair is mo mháthair
Mo mháthair agus m'athair
M'athair mór is mo mháthair mhór
Mo mháthair mhór is m'athair mór
Athair mór m'athair móir is máthair mhór mo mháthair móire

Bhí píolóid Chuain Máighe tinn agus chuir sé an mac amach ina áit. Cauptín Sasanach a bhí ar an long a bhí i mbéal an chuain, D'iarr sé ar an bpíolóid an compass a léigheadh. Léigheadh sé mar air ráidhthe shuas. Shíl an Cauptín go raibh sé indon an compass a léigheadh agus thug sé an soitheach slán isteach